Cúrsaí ailtireachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúrsaí ailtireachta sa Tuaisceart. Féach ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír leis an duine in aice leat. An féidir libh iad a aistriú go Gaeilge?

1. Irish centre _____
2. nominated _____
3. shortlist _____
4. design award _____
5. competition _____
6. so attractive _____
7. so effective _____
8. facility _____
9. inspiration _____
10. jewellery _____



Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat ar ábhar na míre.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus cum ceisteanna le cur ar duine in aice leat fúithi. Mar shampla:

Cá mhéad lárionad Gaeilge atá ar an ngearrliosta?

Ceist 4 Canúint Uladh

Tá canúint Uladh ag na cainteoirí ar fad seachas Eimear Ní Chonaola sa mhír agus baineann siad úsáid as Córas an tSéimhithe sa tuiseal tabharthach. Tá canúint Chonnacht ag Eimear Ní Chonaola agus baineann sí féin, agus daoine a bhfuil canúint na Mumhan acu, úsáid as an gCóras Lárnach.

Féach ar na samplaí sa tábla ar dtús agus ansin athscríobh an dá abairt atá thíos faoi sa Chóras Lárnach.

Córas an tSéimhithe	An Córas Lárnach
ar an bhád	ar an mbád
ar an ionad	ar an ionad
ar an tsráid	ar an tsráid
ar an tsuíochán	ar an suíochán
ar an tábla	ar an tábla

'… go mbeadh sé mar áis ag an phobal anseo chomh maith.'

'Leathmhíle soir an bóthar tá ionad úr Gaeilge eile, Áras na bhFál, ar an ghearrliosta céanna.'

Ceist 5 '… soir…' agus '…ag teacht amach…'

Líon na bearnaí sa bhosca. Tá an chéad cheann déanta duit.

an t-iarthar	ag dul siar	thiar	ag teacht aniar
an t-oirthear			
an tuaisceart			
an deisceart			

Agus:

ag dul síos	thíos	ag teacht aníos
an dul suas		
an dul amach		
an dul isteach		

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cé acu foirgneamh is fearr leat, Áras Uí Chonghaile nó Áras na bhFál? Cén fáth?
2. Cad é an foirgneamh nó an teach is fearr leat ar domhan? Cén fáth? Déan cur síos air do na daoine eile sa ghrúpa.

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1. Irish centre	*lárionad Gaeilge*
2. nominated	*ainmnithe*
3. shortlist	*gearrliosta*
4. design award	*gradam deartha*
5. competition	*iomaíocht*
6. so attractive	*chomh tarraingteach*
7. so effective	*chomh héifeachtach*
8. facility	*áis*
9. inspiration	*inspioráid*
10. jewellery	*seodra*

Ceist 2
Tabhair deis do gach beirt an tuairisc a phlé le chéile.

Ceist 3
Ceisteanna samplacha:

Cé atá ag eagrú an chomórtais?
Cad is ainm do chumann ailtirí Uladh?
Cad atá le fáil in Áras Uí Chonghaile?
Cad a cheap Séanna Breathnach faoin ainmniúchán?
Cá bhfuil Áras na bhFál?
Cad iad na heagraíochtaí Gaeilge atá ag cur fúthu in Áras na bhFál?
Conas a fuair ailtire an fhoirgnimh, Áras na bhFál, inspioráid ón amhrán *The Black Velvet Band*?
Cathain a fhógrófar na torthaí?

Ceist 4
'… go mbeadh sé mar áis ag an **b**pobal anseo chomh maith.'

'Leathmhíle soir an bóthar tá ionad úr Gaeilge eile, Áras na bhFál, ar an **n**gearrliosta céanna.'

Ceist 5

an t-iarthar	ag dul siar	thiar	ag teacht aniar
an t-oirthear	ag dul soir	thoir	ag teacht anoir
an tuaisceart	ag dul ó thuaidh	ó thuaidh / thuaidh	ag teacht aduaidh
an deisceart	ag dul ó dheas	ó dheas / theas	ag teacht aneas

ag dul síos	thíos	ag teacht aníos
an dul suas	thuas	ag teacht anuas
an dul amach	amuigh	ag teacht amach
an dul isteach	istigh	ag teacht isteach

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá dhá lárionad Gaeilge ainmnithe ar ghearrliosta do Ghradaim Deartha Ailtireachta sa Tuaisceart. Tá Áras Uí Chonghaile agus Áras na bhFál i mBéal Feirste i measc naoi bhfoirgneamh atá san iomaíocht do Ghradaim an Chumainn Ríoga d'Ailtirí Uladh.

Áine Ní Ghallchóir
Trí bliana ó shin a fosclaíodh[1] Áras Uí Chonghaile ar Bhóthar na bhFál. Ionad ina bhfuil iarsmalann, leabharlann, spás d'imeachtaí agus caifé. Tá an t-ionad ar an ghearrliosta[2] de mhórghradaim deartha ailtireachta – Gradaim an Chumainn Ríoga d'Ailtirí Uladh.

Séanna Breathnach, Áras Uí Chonghaile
Níor chreid muid riamh go mbeadh muid ar an liosta sin, ach tá muid ann. An méid oibre atá déanta anseo. Níor chreid muid go mbeadh sé chomh tarraingteach, go mbeadh sé chomh héifeachtach mar áit do chuairteoirí anseo i mBéal Feirste agus an sórt is dócha, go mbeadh sé mar áis ag an phobal anseo chomh maith.

Áine Ní Ghallchóir
Leathmhíle soir an bóthar tá ionad úr Gaeilge eile, Áras na bhFál, atá ar an ghearrliosta chéanna. Tá eagraíochtaí Gaeilge ag cur fúthu ann, ina measc Conradh na Gaeilge, Comhairle na Gaelscolaíochta, Iontaobhas na Gaelscolaíochta agus Forbairt Feirste.

Jake Mac Siacais, Forbairt Feirste
Bhí an inspioráid ag an ailtire ón amhrán sin *The Black Velvet Band*. *So*, seo ag barr an Bhealaigh Leathain agus bhí seisean ag smaoineamh ar '*her eyes they shone like the diamonds*.' *So*, tá a lán fuinneoga beaga san fhoirgneamh agus san oíche tchíonn[3] tú sin mar sheodra leis na soilse ag teacht amach as. Agus, tá muid ag barr an Bhealaigh Leathain – '*as I was walking down Broadway*.' *So*, sin an inspioráid a bhí aige agus rinne sé jab den scoth.

Áine Ní Ghallchóir
Fógrófar an buaiteoir ag deireadh na míosa.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, iarthar Bhéal Feirste.

[1] fosclaíodh = leagan canúnach de 'osclaíodh'
[2] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.
[3] tchíonn = leagan canúnach de 'feiceann'